



An Bhruiséil, 15 Aibreán 2025
(OR. en)

7771/2/25
REV 2

TRANS 115
COWEB 54
ELARG 48

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	ST 6593/25
Ábhar:	Comhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh leis an gComhairle maidir le seasamh an Aontais i ndáil leis an gceathrú hathbhreithniú ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair - Formheas

1. Trí litir a fuarthas an 24 Feabhra 2025, tá seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh ag dul i gcomhairle leis an gComhairle maidir leis an gceathrú hathbhreithniú atá beartaithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (CCI).¹ Déantar an comhairliúchán sin sula ndéanfaidh Coiste Stiúrtha Réigiúnach CCI cinneadh atá beartaithe, cinneadh lena féidir *acquis* an Aontais atá éigeantach in CCI a thabhairt cothrom le dáta. Leanann an comhairliúchán roimh ré ón gComhairle an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2(2) de Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle².
2. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún seasamh an Aontais a bhunú sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach maidir leis an ábhar. Féadfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach *acquis* an Aontais a thabhairt cothrom le dáta, rud atá nó a bheidh éigeantach in CCI i gcomhréir le hAirteagal 3(1) CCI i gcomhar le hIarscríbhinní I agus II agus leis na prótacail aonair a ghabhann le CCI.

¹ IO L 278, 27.10.2017, lgh. 3-53.

² I gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1), agus gníomhartha an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh á dtabhairt cothrom le dáta, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gComhairle maidir leis an seasamh ionchasach trí bhíthin doiciméad i scríbhinn.

3. An 28 Feabhra 2025, scrúdaigh an Mheitheal um Iompar – ceisteanna idirmhódúla agus gréasáin liosta na n-athruithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le CCI³ arna chur i láthair ag stiúrthóir Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair. Ina dhiaidh sin, cuireadh an páipéar comhairliúcháin⁴ faoi bhráid na dtoscaireachtaí agus iarradh ar na Ballstáit barúlacha i scríbhinn a sheoladh chun freagra féideartha ón gComhairle ar an gcomhairliúchán a ullmhú.

4. In éagmais barúlacha ó na toscaireachtaí, léitear an dréachtfhreagra ón gComhairle mar a leanas: ‘Gabhann an Chomhairle buíochas leis an gCoimisiún as dul i mbun comhairle maidir leis an dréachtseasamh ón Aontas mar ullmhúchán don cheathrú cinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (*acquis* an Aontais) a thabhairt cothrom le dáta. Níl aon bharúil le cur in iúl ag an gComhairle.’

5. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir fhorghuiniú Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an freagra thuasluaite ar an gcomhairliúchán a fhorghuas.

³ Féach WK 2648/25, in 6593/25 anois.

⁴ Féach 6593/25.